Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12108/19**

**COHOM 97**
**COPS 275**
**DEVGEN 165**
**FREMP 114**
**CONUN 114**
**CFSP/PESC 670**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11918/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na Treoirlínte faoi bheartas an Aontais i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na Treoirlínte faoi bheartas an Aontais i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a ghlac an Chomhairle ag a 3712ú cruinniú ar an 16 Meán Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis na Treoirlínte faoi bheartas an Aontais i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle na Treoirlínte faoi Bheartas an Aontais i leith tríú tíortha i dtaca le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach agus formheasann sí na Treoirlínte athbhreithnithe. Is díol mór imní don Chomhairle i gcónaí úsáid fhorleathan na céastóireachta agus na drochíde eile ar fud an domhain.

2. Meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil toirmeasc iomlán sa dlí idirnáisiúnta ar chéastóireacht agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Cumhdaítear an comhrac i gcoinne na céastóireachta agus na drochíde eile i gcreat dlíthiúil agus polaitiúil an Aontais agus cuirfidh an tAontas i gcoinne aon iarracht an toirmeasc iomlán sin a shrianadh i gcónaí. I dtaca leis sin, athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit go bhfuil siad go hiomlán tiomanta don chomhrac i gcoinne na céastóireachta agus na drochíde eile ar fud an domhain, i gcomhréir le conarthaí agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear i dtaca le riaradh an cheartais agus le láimhseáil na coinbhleachta armtha.

3. Cuirfidh an tAontas i gcoinne úsáid na céastóireachta agus na drochíde eile ag gníomhaithe stáit agus neamhstáit i gcónaí, agus cáineann sé an méid sin go láidir, cibé áit a dtarlódh sin agus cibé foirm a bheadh ann, agus úsáid á baint aige as na huirlisí uile atá ar fáil dó. Aithníonn an Chomhairle a ábhartha atá cur chuige cuimsitheach chun an chéastóireacht a dhíothú, lena gcuimsítear gach gné riachtanach: toirmeasc, cosc, cuntasacht agus cúiteamh d'íospartaigh.

   Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le coimircí nós imeachta, go háirithe iad sin sna céad uaireanta a chloig coinneála, chun céastóireacht agus drochíde eile a chosc.

4. Iarrann an tAontas ar gach Stát a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear i gcásanna frithsceimhlitheoireachta, imirce, gáinneáil ar dhaoine agus cásanna eile bainistithe géarchéime, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí sna cásanna sin. Leagann an tAontas béim freisin ar an tábhachtach a bhaineann le príomhshruthú a dhéanamh ar na coimircí in aghaidh na céastóireachta agus na drochíde eile i ngach gníomhaíocht agus beartas.

5. Tá sé ríthábhachtach gníomhú leis na príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a ghlacadh chun an chéastóireacht a dhíothú. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an comhar le sásraí agus comhlachtaí réigiúnacha na Náisiún Aontaithe, agus le gníomhaithe ábhartha eile amhail an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta chomh maith, a thuilleadh. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról lárnach atá ag Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus ag na sásraí náisiúnta coisc neamhspleácha mar aon le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine sa chomhrac in aghaidh na céastóireachta agus na drochíde eile.

6. Tugann an Chomhairle dá haire, an dul chun cinn atá déanta ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht, agus is mór aici an dul chun cinn sin ó iarracht thrasréigiúnach a chuimsíonn breis is 60 tír atá tiomanta do dheireadh a chur le trádáil na n-earraí a úsáidtear sa chéastóireacht agus i bpionós an bháis go domhanda. Is díol sásaimh don Chomhairle an rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil Gan Chéastóireacht, agus tacaíonn sí go láidir le hiarrachtaí chun comhchaighdeáin idirnáisiúnta sa réimse seo a bhunú. Is díol sásaimh di freisin an obair leanúnach atá á déanamh ar an athbhreithniú ar Phrótacal Iostanbúl maidir le céastóireacht agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a imscrúdú agus a dhoiciméadú go héifeachtach.

7. Tugann na Treoirlínte athbhreithnithe treoir phraiticiúil d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit, lena n-áirítear faoin raon leathan uirlisí is féidir a úsáid ina rannpháirtíocht le tríú tíortha agus i bhfóraim iltaobhacha um chearta an duine chun tacú le hiarrachtaí leanúnacha an chéastóireacht agus drochíde eile ar fud an domhain a dhíothú. Déanfaidh an Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) obair leantach maidir leis an gcur chun feidhme i ndlúthchomhar le meithleacha eile de chuid na Comhairle i gcás inarb iomchuí.